AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2026
COM(2026) 156 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta

Clár

1. RÉAMHRÁ 2
2. POINTÍ GINEARÁLTA MEASÚNAITHE 5
   - 2.1. Ábhair ghinearálta 5
   - 2.2. Teorainneacha ama agus agaí freagartha (Airteagail 9 agus 20; Airteagail 7(2) agus 18(5)) 6
   - 2.3. Cur siar agus neamhfhéidearthacht forghníomhaithe (Airteagail 10, 13, 21 agus 22) 7
   - 2.4. Cumarsáid idir na húdaráis inniúla agus leis na daoine dá ndéantar difear (Airteagail 25 agus 32) 8
   - 2.5. Costais (Airteagal 31) 9
   - 2.6. Saincheisteanna eile 9
3. POINTÍ SONRACHA MEASÚNAITHE I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 38 10
   - 3.1. An deis dearbhuithe a dhéanamh agus a tharraingt siar faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 14(2) 10
   - 3.2. Idirghníomhaíocht idir urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (Airteagal 8 agus 19) 11
   - 3.3. Maoin reoite agus choigistithe a bhainistiú agus a dhiúscairt, lena n-áirítear aiseag agus cúiteamh (Airteagail 28, 29 agus 30) 13
4. MOLTAÍ NA bPÁIRTITHE LEASMHARA 16
   - 4.1. Ballstáit 16
   - 4.2. Eurojust 18
5. CONCLÚID 18

1. RÉAMHRÁ

Is é gnóthachan airgeadais go príomha a spreagann eagraíochtaí coiriúla a fheidhmíonn thar theorainneacha, lena n-áirítear líonraí coiriúla ardriosca. De réir an Mheasúnaithe is déanaí ó Europol ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe[1], a foilsíodh in 2025, gintear brabúis ar fiú na billiúin iad laistigh den Aontas gach bliain mar gheall ar an gcoireacht eagraithe. Mar thoradh air sin, tá méadú ag teacht ar an líon íospartach agus gintear costais shubstaintiúla do na Ballstáit chun freagairt don damáiste a dhéanann gníomhaíocht choiriúil den sórt sin agus chun an damáiste sin a mhaolú. Aistrítear brabúis aindleathacha thar theorainneacha chun críche sciúrtha airgid, rud a chuireann ar a gcumas d'eagraíochtaí coiriúla bonn airgeadais a bhunú. Cuireann sé sin ar a gcumas, dá réir sin, leanúint dá ngníomhaíochtaí coiriúla, éilliú a mhaoiniú agus geilleagair dhlisteanacha a insíothlú. Dá bhrí sin, is bagairt mhór í infhaighteacht fáltas ó choireacht do shláine an gheilleagair agus na sochaí, rud a chreimeann an smacht reachta agus cearta bunúsacha.

I bhfianaise an mhéid sin, tá sé fíor-riachtanach fáltais óna gcoireacht a bhaint de choirpigh, go háirithe baill d'eagraíochtaí coiriúla, chun dul i ngleic leis an mbagairt thromchúiseach a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe. Ní mór dlús mór a chur leis na hiarrachtaí chun é sin a dhéanamh go héifeachtach, ós rud é go bhfuil rátaí coigistíochta laistigh den Aontas fós an-íseal. Tá sé sin tábhachtach freisin d'íospartaigh na coireachta, ós rud é gur uirlisí fíor-riachtanacha iad calcadh sócmhainní agus bearta coigistíochta chun cúiteamh agus tabhairt ar ais maoine dá húinéirí dlisteanacha a éascú.

Glacadh Rialachán (AE) 2018/1805 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta[2] ('an Rialachán') mar aitheantas go bhfuil comhar éifeachtach trasteorann fíor-riachtanach chun ionstraimíocht agus fáltais ó choireacht a chalcadh agus a choigistiú go héifeachtach. Is ceann de ghnéithe fíor-riachtanacha arb iad is bun le creat dlíthiúil Aontais chun sciúradh airgid agus coireacht eagraithe a chomhrac an Rialachán[3] agus a tháinig in ionad Chinntí Réime 2003/577/CGB[4] agus 2006/783/CGB[5] nach raibh chomh forleathan céanna, nach bhfuil feidhm acu anois ach amháin maidir le comhar leis an Danmhairg agus le hÉirinn agus eatarthu.

Bunaithe ar Airteagal 82(1)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), sa Rialachán leagtar amach rialacha lena gcuirtear oibleagáid ar Bhallstáit orduithe calctha agus

[1] Le fáil ag *The changing DNA of serious and organised crime - EU Serious and Organised Crime Threat Assessment 2025 (EU-SOCTA)* [Na saintréithe de choir thromchúiseach eagraithe atá ag síorathrú - Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe an Aontais Eorpaigh | Europol.

[2] IO L 303, 28.11.2018, lch. 1.

[3] Áirítear na hionstraimí seo a leanas, i measc ionstraimí eile, ar ionstraimí iad atá idirnasctha go substainteach agus go hoibríochtúil leis an Rialachán: Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1); Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024); agus *acquis* an Aontais maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac, go háirithe Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (arna leasú) (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

[4] Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45).

[5] Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59).

orduithe coigistíochta arna n-eisiúint ag Ballstáit eile a aithint faoi chuimsiú imeachtaí in ábhair choiriúla a aithint, gan foirmiúlachtaí breise, agus na horduithe sin a fhorghníomhú laistigh dá limistéar féin. Glactar leis sa Rialachán go ndéantar cinntí atá le haithint agus le forghníomhú i gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta, na coimhdeachta agus na comhréireachta i gcónaí. Is é is aidhm don Rialachán freisin a áirithiú go gcloífear le cearta daoine a ndéanann aitheantas orduithe den sórt sin difear dóibh i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus le *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta[6]. Mar a léirítear in aithris 13 den Rialachán, tá feidhm aige maidir le gach ordú calctha agus coigistíochta arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí in ábhair choiriúla. Is coincheap uathrialach de chuid dhlí an Aontais é 'imeachtaí in ábhair choiriúla' arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Cumhdaítear leis an téarma sin orduithe calctha agus orduithe coigistíochta de gach cineál a eisítear tar éis imeachtaí i ndáil le cion coiriúil. Áirítear leis sin orduithe a thagann faoi shainchúram Threoir (AE) 2024/1260[7], ach ní gá go mbeadh sé teoranta dóibh. Os a choinne sin, ní thagann orduithe coigistíochta arna n-eisiúint faoi chuimsiú imeachtaí in ábhair shibhialta nó riaracháin faoi raon feidhme an Rialacháin.

Le hAirteagal 38 den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena n-áirítear faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) an deis a bheith ag na Ballstáit dearbhuithe a dhéanamh agus a tharraingt siar faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 14(2);
(b) an idirghníomhaíocht idir urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta;
(c) cur i bhfeidhm Airteagal 28, 29 agus 30 maidir le maoin reoite agus choigistithe a bhainistiú agus a dhiúscairt, agus maidir leis an maoin a aiseag leis na híospartaigh agus na híospartaigh a chúiteamh.

chun faisnéis faoi phointí (a), (b) agus (c) a bhailiú, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na Ballstáit. Fuarthas freagraí ó 19 gceann de na 25 Bhallstát rannpháirteacha ina leith.

Forlíontar leis an bhfaisnéis sin na sonraí staidrimh nach mór do na Ballstáit a bhailiú go tráthrialta óna n-údaráis ábhartha agus a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain i gcomhréir le hAirteagal 35 den Rialachán. Sna staitisticí sin áirítear an líon orduithe calctha agus an líon orduithe coigistíochta a fuair Ballstát ó Bhallstáit eile ar orduithe iad a aithníodh

[6] Treoir 2010/64/AE maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1); Treoir 2012/13/AE maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1); Treoir 2013/48/AE maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas tráth caillte na saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta le linn don tsaoirse a bheith caillte (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1); Treoir (AE) 2016/343 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/1919 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1); ceartúchán ar Threoir (AE) 2016/1919 (IO L 91, 5.4.2017, lch. 40); Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

[7] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024).

agus a forghníomhaíodh agus an líon orduithe calctha agus an líon orduithe coigistíochta ar diúltaíodh iad a aithint agus/nó a fhorghníomhú.

Ní mór do na Ballstáit na staitisticí seo a leanas a sheoladh chuig an gCoimisiún freisin i gcás ina mbeidh siad ar fáil ar an leibhéal lárnach:

(a) an líon cásanna ina ndearnadh íospartach a chúiteamh nó a ndearnadh aiseag leis mar gheall ar an maoin a fuarthas trí ordú coigistíochta a fhorghníomhú faoin Rialachán seo; agus
(b) an mheánthréimhse i leith orduithe calctha agus orduithe coigistíochta a fhorghníomhú faoin Rialachán.

Tugann an Coimisiún dá aire nár chomhlíon gach Ballstát ceanglais Airteagal 35 ina n-iomláine. Theip go leanúnach ar dhá Bhallstát sonraí a chur ar fáil, agus níor sholáthair sé Bhallstát faisnéis do gach ceann de na 4 bliana ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm (2021-2024). Tá éagsúlacht ann freisin maidir le formáid agus inchomparáideacht na sonraí a fuarthas, agus níor sholáthair roinnt Ballstát ach sonraí comhiomlánaithe le haghaidh orduithe calctha agus coigistíochta.

Sa tuarascáil seo úsáidtear faisnéis freisin as tuarascáil chásoibre Eurojust ar Rialachán 2018/1805[8], a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2025, agus as taighde a rinneadh faoi thionscadail ábhartha arna gcistiú ag an gClár um Cheartas[9].

Ní raibh deis fós ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh aon bhreithiúnas a eisiúint maidir le léirmhíniú an Rialacháin, ach tá réamhthagairt maidir leis an Rialachán, Cás C-8/24, ar feitheamh faoi láthair, agus tugadh tuairim an Abhcóide Ghinearálta Richard de la Tour an 12 Meitheamh 2025. Lasmuigh den Rialachán féin, iarradh ar an gCúirt freisin léirmhíniú a dhéanamh ar réamhtheachtaí an Rialacháin, Cinneadh Réime 2006/783/CGB maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar orduithe coigistíochta[10] agus ar ionstraimí an Aontais lena mbunaítear rialacha íosta maidir le bearta reo agus coigistíochta ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhar i bhforfheidhmiú an dlí chun sócmhainní coiriúla a aisghabháil, amhail Cinneadh Réime 2005/212/CGB maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin[11] a bhaineann le Coireacht a Choigistiú, Treoir 2014/42/AE maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[12] agus a chomharba, Treoir (AE) 2024/1260[13]. Féadfar cásdlí na Cúirte maidir leis na hionstraimí sin a mheas mar chásdlí atá ábhartha ó thaobh an chomhthéacs de chun an Rialachán a léirmhíniú, mar shampla i gcás ina dtugtar treoir ann maidir le léirmhíniú coincheap atá coiteann d'ionstraimí uile an Aontais um

[8] https://www.eurojust.europa.eu/publication/eurojust-report-regulation-20181805-mutual-recognition-freezing-and-confiscation-september2025.
[9] Chun sonraí a fháil maidir leis an gclár um cheartas, féach https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/justice-programme_ga.
[10] Féach, mar shampla, Breithiúnas na Cúirte le déanaí (an Cúigiú Dlísheomra) an 29 Eanáir 2026, *Munik*, Cás C-562/24, EU:C:2026:55.
[11] Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimíocht agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO L 68, 15.3.2005, lch. 49).
[12] Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39).
[13] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024).

aisghabháil sócmhainní coiriúla[14] nó maidir le híoschaighdeáin le haghaidh leigheasanna éifeachtacha a bhféadfadh ról a bheith acu i gcinntí ón Stát forghníomhaitheach maidir le horduithe calctha coigríche agus orduithe coigistíochta eachtracha a aithint[15].

2. POINTÍ GINEARÁLTA MEASÚNAITHE

Ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm, éascaíodh leis aithint agus forfheidhmiú na mílte ordú calctha agus coigistíochta. Ar bhonn an staidrimh ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 35 den Rialachán, aithníodh breis agus 2 700 ordú calctha idir mí na Nollag 2021 agus mí na Nollag 2024, agus tuairiscíodh gur forghníomhaíodh níos mó ná 1 500 díobh. I gcás orduithe coigistíochta, aithníodh níos mó ná 800 iarraidh, agus tuairiscíodh gur forghníomhaíodh 370 díobh. Tá difríocht mhór idir an líon iarrataí calctha agus coigistíochta a fuair aon Bhallstát amháin, agus bíonn leathdhosaen Ballstát i gceist go leanúnach le níos mó ná dhá thrian de na hiarrataí uile den sórt sin a fhaightear.

An tráth céanna, thuairiscigh na Ballstáit breis agus 200 diúltú orduithe calctha a aithint agus/nó a fhorghníomhú agus breis agus 100 diúltú orduithe coigistíochta a aithint agus/nó a fhorghníomhú. Ina theannta sin, chuir Eurojust in iúl gur iarradh air idirghabháil a dhéanamh chun comhar a éascú i níos mó ná 900 cás le linn na tréimhse tagartha (2021-2024). Go deimhin, deimhnítear i dtuarascáil chásoibre Eurojust agus i bhfreagraí na mBallstát ar cheistneoir spriocdhírithe an Choimisiúin go bhfuil ceisteanna agus dúshláin fós ann maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Sa chomhthéacs sin, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil seo na gnéithe sonracha den Rialachán agus ar a gcur i bhfeidhm sa chleachtas.

2.1. Ábhair ghinearálta

De bharr a chineáil, tá an Rialachán, i bprionsabal, infheidhme go díreach agus ní gá é a thrasuí sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun a chur i bhfeidhm a éascú. Níor cheart do bhearta den sórt sin dochar a dhéanamh d'infheidhmeacht dhíreach an Rialacháin.

As na 19 mBallstát a d'fhreagair ceistneoir an Choimisiúin maidir leis an Rialachán, ghlac 17 gcinn acu bearta cur chun feidhme reachtacha nó praiticiúla chun a chur i bhfeidhm ina gcórais dlí a éascú. Áirítear ar na bearta sin, mar shampla:

1) reachtaíocht a chur chun feidhme lena soiléirítear seasamh agus feidhmiú an Rialacháin i ndáil le *acquis* an Aontais agus an dlí náisiúnta atá ann cheana;
2) leasuithe reachtacha chun rialacha náisiúnta a leagan síos maidir le hábhair a fhágtar faoi neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát[16] agus/nó chun a áirithiú nach dtiocfaidh an dlí náisiúnta salach nó nach gcuirfidh sé bac ar chur i bhfeidhm an Rialacháin;

[14] Cé go bhfuil breithiúnas na Cúirte i gCás C-655/24, Latranov, fós ar feitheamh, pléadh cheana féin i dTuairim an Abhcóide Ghinearálta Sánchez-Bordona an 11 Nollaig 2025 (EU:C:2025:969) léirmhíniú an choincheapa 'ionstraimeachtaí' i gcomhthéacs aisghabháil sócmhainní coiriúla an Aontais.
[15] Féach, mar shampla, Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dhlísheomra) an 14 Eanáir 2021, *OM*, Cás C-393/19, EU:C:2021:8.
[16] Mar shampla, rialacha a ghlacadh faoin dlí náisiúnta maidir le leigheasanna éifeachtacha i gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán.

3) lámhleabhair agus treoirdhoiciméid eile do chleachtóirí náisiúnta maidir le horduithe calctha agus coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú.

Thairis sin, chuir 12 Bhallstát in iúl go bhfuil sásra náisiúnta de chineál éigin i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar úsáid an Rialacháin agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin.

2.2. Teorainneacha ama agus agaí freagartha (Airteagail 9 agus 20; Airteagail 7(2) agus 18(5))

Leagtar síos in Airteagail 9 agus 20 den Rialachán na teorainneacha ama nach mór orduithe calctha agus coigistíochta eachtracha a aithint agus a fhorghníomhú laistigh díobh. I gcás orduithe calctha, ní mór don údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an ordú a aithint agus a fhorghníomhú agus a fhorghníomhú gan mhoill agus leis an luas agus leis an tosaíocht chéanna agus a bhíonn i gceist i gcás intíre comhchosúil. Maidir le horduithe coigistíochta, ní mór don údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir le haithint agus forghníomhú gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis iad a fháil.

Thuairiscigh 11 Bhallstát, agus iad ag gníomhú mar an Stát eisiúna, gur tháinig siad ar chásanna ó am go chéile nár urramaíodh na teorainneacha ama chun ordú calctha nó coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú. Chuir 9 mBallstát in iúl go raibh saincheisteanna acu maidir leis na teorainneacha ama a chomhlíonadh agus iad ag gníomhú mar an Stát forghníomhaitheach. I bhformhór na gcásanna sin, is cosúil gur eascair na moilleanna as an ngá atá le faisnéis bhreise a iarraidh ar an Stát eisiúna nó leis an bhfaisnéis is gá lena forghníomhú a fhíorú. Chuir Ballstát amháin in iúl freisin go raibh baint ag moilleanna le hualach ard oibre na n-údarás inniúil uaireanta. Go ginearálta, áfach, is cosúil go gcomhlíontar na teorainneacha ama.

Tuairiscíonn Eurojust go bhfuil an meán-am a thógann sé ar na húdaráis sna Ballstáit orduithe calctha a aithint agus a fhorghníomhú idir 10 lá agus roinnt míonna[17]. Ina thuarascáil, sainaithníonn Eurojust an easpa teorainneacha ama sonracha sa Rialachán maidir le horduithe calctha neamhphráinneacha a aithint mar chúis leis an éagsúlacht mhór sin i luas an fhorghníomhaithe. Ní shonraítear líon laethanta in Airteagal 9 den Rialachán ach ní luaitear ann ach nach mór orduithe a fhorghníomhú ‘*gan mhoill agus chomh gasta céanna agus leis an tosaíocht chéanna agus a bhíonn i gceist le cás comhchosúil intíre*’.

I gcás iarrataí calctha práinneacha, rud a chiallaíonn iarrataí i gcás ina bhfuil forais dhlisteanacha ann le heagla a bheith ann go scaipfear an mhaoin go luath, leagtar síos sa Rialachán aga freagartha i bhfad níos déine: 48 n-uair an chloig don chinneadh maidir le haitheantas agus 48 n-uair an chloig eile chun an cinneadh sin a fhorghníomhú. Níor thuairiscigh na Ballstáit aon deacracht ar leith maidir leis na teorainneacha ama sin a chomhlíonadh le haghaidh iarrataí calctha práinneacha. Mar sin féin, tuairiscíonn Eurojust[18] go bhfuil difríochtaí idir léirmhínithe na mBallstát ar ‘phráinn’, agus an coincheap á chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ag cuid acu ná ag cinn eile.

[17] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 14.
[18] Ibid.

Chuir 12 Bhallstát in iúl, agus iad ag gníomhú mar an Stát eisiúna, go raibh fadhbanna acu uaireanta maidir le tuairisciú tráthúil ag na húdaráis fhorghníomhaitheacha maidir le horduithe calctha agus coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagail 7(2) agus 18(5) den Rialachán. I gcásanna áirithe, bhí moill suas le 6 mhí orthu nó ní bhfuair siad aon chumarsáid ábhartha ar chor ar bith. Chuir formhór na mBallstát a ndearnadh difear dóibh in iúl, áfach, nach gnáthrud iad moilleanna den sórt sin agus go n-áirithítear comhlíontacht le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 18 go ginearálta. D'ainneoin an ardleibhéil fhoriomláin comhlíontachta sin, mhol roinnt Ballstát go bhfuil na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán róghearr agus gur cheart iad a choigeartú. Moladh freisin go bhféadfadh moilleanna díréireacha a bheith mar thoradh ar easpa teorainneacha ama sa Rialachán maidir leis an bhfaisnéis bhreise is gá a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh maidir le haitheantas.

2.3. Cur siar agus neamhfhéidearthacht forghníomhaithe (Airteagail 10, 13, 21 agus 22)

Cumhdaítear le hAirteagail 10, 13, 21 agus 22 den Rialachán cásanna ina bhfuil sé dodhéanta go sealadach nó go buan ordú calctha nó coigistíochta a fhorghníomhú. Foráiltear le hAirteagail 10 agus 21 go bhféadfar forghníomhú a chur siar, mar shampla, i gcásanna ina ndéanfaidh sé dochar d'imscrúdú coiriúil leanúnach nó i gcás ina bhfuil an mhaoin atá i gceist faoi réir ordú eile cheana féin. Rialaítear le hAirteagail 13 agus 22 cásanna ina bhfuil sé dodhéanta go buan ordú a fhorghníomhú. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach a dhearbhú go bhfuil forghníomhú dodhéanta, mar shampla, i gcás inar coigistíodh an mhaoin cheana, nach féidir teacht uirthi ag an suíomh a léirítear sa deimhniú nó go bhfuil sí ar iarraidh nó scriosta ar bhealach eile.

Sholáthair 11 Bhallstát sonraí maidir le húsáid na rogha faoi Airteagail 10 agus 21 chun forghníomhú orduithe calctha agus coigistíochta a chur siar. Chuir dornán de na Ballstáit sin in iúl gur chuir a n-údaráis inniúla forghníomhú ordaithe calctha siar toisc go raibh an mhaoin faoi réir ordú a bhí ann cheana féin a d'eisigh Ballstát eile (Airteagal 10(1)(b)) nó toisc go raibh sí faoi réir ordú intíre a bhí ann cheana a raibh tosaíocht aige faoin dlí náisiúnta (Airteagal 10(1)(c)). I mBallstát amháin ar a laghad, tá an dara cás réasúnta coitianta. Tuairiscíonn Eurojust[19] go dtagann sé sin chun cinn den chuid is mó nuair a dhéantar cionta calaoise trasteorann a imscrúdú sa Stát eisiúna agus na cionta sciúrtha airgid gaolmhara a imscrúdú sa Stát forghníomhaitheach.

Níor thuairiscigh aon Bhallstát gur chuir sé forghníomhú ordaithe coigistíochta siar i gcomhréir le hAirteagal 21.

Sholáthair an 12 Bhallstát chéanna faisnéis freisin maidir le cásanna ina raibh sé dodhéanta ordú calctha nó coigistíochta a fhorghníomhú (Airteagail 13 agus 22). I gcás orduithe calctha, thuairiscigh Ballstát amháin cás nárbh fhéidir ordú a fhorghníomhú ann toisc gur coigistíodh an mhaoin cheana féin (Airteagal 13(3)(a)). Tháinig 7 mBallstát ar chásanna ina raibh an mhaoin ar iarraidh (Airteagal 13(3)(b)) nó nárbh fhéidir teacht uirthi (Airteagal 13(3)(d)).

[19] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 15.

Thuairiscigh 2 Bhallstát iarrataí maidir le maoin a scriosadh (Airteagal 13(3)(c)), agus thuairiscigh 4 Bhallstát cásanna nárbh fhéidir maoin a aimsiú toisc nach raibh an fhaisnéis sa deimhniú calctha beacht go leor (Airteagal 13(3)(e)). Chuir Ballstát amháin in iúl, nach féidir, go ginearálta, i gcás thart ar 60 % d'iarrataí calctha, an mhaoin atá i gceist a aimsiú de ghnáth nó go bhfuil méid an airgid nó luach na maoine eile a fhaightear diomaibhseach. Thuairiscigh 7 mBallstát eile taithí den chineál céanna.

Maidir le hiarrataí ar choigistiú, is cosúil go bhfuil an líon cásanna ina raibh sé dodhéanta ordú a fhorghníomhú i bhfad níos ísle. Níor tháinig ach 4 Bhallstát ar chásanna den sórt sin. Bhain siad sin le maoin a bhí ar iarraidh (Airteagal 22(3)(b), arna tuairisciú ag 2 Bhallstát), maoin a scriosadh (Airteagal 22(3)(c), arna tuairisciú ag Ballstát amháin), maoin nach bhféadfaí teacht uirthi (Airteagal 22(3)(d), arna tuairisciú ag 2 Bhallstát) agus maoin nach bhféadfaí a aimsiú mar gheall ar fhaisnéis nach raibh beacht go leor sa deimhniú coigistíochta (Airteagal 22(3)(e), arna tuairisciú ag 2 Bhallstát).

2.4. Cumarsáid idir na húdaráis inniúla agus leis na daoine dá ndéantar difear (Airteagail 25 agus 32)

Le hAirteagal 25 den Rialachán, ceanglaítear ar údaráis eisiúna agus ar údaráis fhorghníomhaitheacha dul i gcomhairle le chéile chun cur i bhfeidhm éifeachtúil an Rialacháin a áirithiú, trí chumarsáid dhíreach a úsáid agus, i gcás inarb iomchuí, trí pháirt a thabhairt dá n-údaráis lárnacha.

Thuairiscigh 9 mBallstát dúshláin a bhaineann le cumarsáid idir údaráis inniúla. Dheimhnigh na Ballstáit uile gur féidir comhairliúcháin a dhéanamh trí theagmháil dhíreach neamhfhoirmiúil idir údaráis inniúla (i.e. le ríomhphost nó ar an nguthán), le rannpháirtíocht a n-údarás lárnach ainmnithe nó dá n-uireasa. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh teorainneacha ann maidir leis an líon sonraí agus leis an gcineál sonraí is féidir nó ba cheart a sheoladh le ríomhphost. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur oibrigh siad le Eurojust agus leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla chun comhoibriú a éascú i gcásanna práinneacha, go háirithe toisc gur minic a bhí agaí freagartha cineálacha áirithe údarás inniúil, amhail cúirteanna, mall. Léiríodh gur bacainní ar chomhairliúcháin éifeachtúla freisin iad bacainní teanga, mainneachtain deimhniú a thabhairt go fuarthas teachtaireacht agus deacrachtaí maidir leis na pointí teagmhála cearta a shainaithint. Dheimhnigh Eurojust gur iarradh air, i roinnt cásanna, cúnamh a thabhairt maidir leis na húdaráis inniúla sa Bhallstát iarrtha a shainaithint. Tuairiscíonn Eurojust, mar shampla, i roinnt Ballstát, nuair a dhírítear ordú calctha ar roinnt sócmhainní atá lonnaithe i limistéir éagsúla den tír chéanna – amhail cuntais bhainc arna n-oscailt le bainc éagsúla – nach mór dul i dteagmháil le húdaráis iomadúla chun an deimhniú céanna a fhorghníomhú[20].

Chuir dhá Bhallstát in iúl freisin go raibh deacrachtaí acu an oibleagáid faoi Airteagal 32 den Rialachán a chomhlíonadh maidir le daoine dá ndéantar difear a chur ar an eolas faoi fhorghníomhú ordaithe calctha, nó faoi chinneadh ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú, agus faoi aon chúnamh a d'fhéadfadh an t-údarás forghníomhaitheach a iarraidh ar an údarás eisiúna sa chomhthéacs sin. Tá dúshlán ar leith ag baint leis an

[20] Ibid. lch. 10.

oibleagáid sin nuair nach bhfuil an duine dá ndéantar difear lonnaithe sa Bhallstát eisiúna ná sa Bhallstát forghníomhaitheach.

Saincheist eile a tugadh faoi deara ba ea an gá atá le ceanglais faisnéise a réiteach le rúndacht na n-imscrúduithe. Deimhnítear le hAirteagal 11(2) den Rialachán nach mór don údarás forghníomhaitheach na daoine dá ndéantar difear a chur ar an eolas a luaithe a fhorghníomhaítear ordú calctha, i gcomhréir le hAirteagal 32. Mar sin féin, soiléirítear le hAirteagal 11(3) go bhféadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh ar an údarás forghníomhaitheach fógra a thabhairt do dhaoine dá ndéantar difear a chur siar chun imscrúduithe leanúnacha a chosaint. Mar a dheimhníonn Eurojust[21], cruthaíodh saincheisteanna mar gheall ar an méid sin do Bhallstát amháin ar a laghad a bhfuil a dhlí náisiúnta ag teacht salach ar an Rialachán ina leith sin sa mhéid nach gceadaítear leis maoluithe ar an gceanglas daoine dá ndéantar difear a chur ar an eolas láithreach.

2.5. Costais (Airteagal 31)

Ceanglaítear le hAirteagal 31 den Rialachán ar gach Ballstát a chostais féin a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin a íoc. Ceadaítear leis, áfach, don údarás forghníomhaitheach togra a thíolacadh chun costais mhóra nó eisceachtúla a chomhroinnt.

Thuairiscigh 2 Bhallstát go dtabhaíonn a n-údaráis inniúla costais mhóra nó eisceachtúla uaireanta agus orduithe calctha nó coigistíochta á bhforghníomhú acu faoin Rialachán. Chuir siad i dtábhacht freisin go bhféadfadh costais bhainistíochta, go háirithe, a bheith díréireach ard nuair nach leanann cinneadh coigistíochta críochnaitheach sa Bhallstát eisiúna iarrataí calctha laistigh de thréimhse réasúnta.

I bhformhór na mBallstát, áfach, is cosúil go bhfuil cásanna den sórt sin sách neamhchoitianta. Thuairiscigh 6 Bhallstát nár thabhaigh siad costais mhóra ná eisceachtúla riamh. Níor sholáthair ach 2 Bhallstát cuntais starógacha ar dhúshláin maidir le comhaontuithe comhroinnte costas den sórt sin a chaibidliú i gcomhréir le hAirteagal 31(2).

Ar bhonn níos ginearálta, thug roinnt Ballstát dá n-aire go bhfuair siad iarrataí calctha i roinnt cásanna ina raibh luach na sócmhainní a fuarthas chomh híseal sin go raibh na hacmhainní ba ghá chun iad a chalcadh agus a choigistiú díréireach. Cháin siad nach gceadaítear leis an Rialachán iarrataí den sórt sin a dhiúltú ar an bhforas go bhfuil na costais aisghabhála díréireach le luach na maoine agus ar an bhforas sin amháin.

2.6. Saincheisteanna eile

Sa bhreis ar na saincheisteanna a phléitear i ranna 2.1 go 2.5, thug na Ballstáit dá n-aire dúshláin bhreise áirithe nach mbaineann go docht le cur i bhfeidhm an Rialacháin, ach atá idirnasctha leis. Baineann saincheist amháin den sórt sin leis an easpa bunús dlí chun iarrataí calctha a eisiúint chun críche cúitimh d'íospartaigh, agus chun na críche sin amháin, gan cinneadh coigistíochta a shaothrú – rud dá bhforáiltear i gcóras dlí roinnt Ballstát. Ní chumhdaítear iarrataí den sórt sin leis an Rialachán, ina shainmhínítear 'ordú calctha' mar 'cinneadh arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás eisiúna d'fhonn díothú, claochlú, bogadh, aistriú nó diúscairt maoine a chosc **d'fhonn í a choigistiú**'.

[21] Ibid. lgh. 15-16.

Saincheist eile a thuairiscigh na Ballstáit is ea easpa bunús dlí tiomnaithe de chuid an Aontais chun bearta imscrúdaitheacha a iarraidh chun sócmhainní a shainaithint, a rianú agus a aimsiú tar éis ciontú. Ceanglaítear go sainráite le Treoir (AE) 2024/1260 ar na Ballstáit comhar a éascú idir Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní chun críche imscrúduithe rianaithe sócmhainní, lena n-áirítear tar éis ciontú. Leis an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach[22] (Treoir OIE), rialaítear comhar breithiúnach chun fianaise a fháil. Mar sin féin, d'fhiafraigh roinnt Ballstát an leor na huirlisí sin chun aisghabháil éifeachtach sócmhainní a áirithiú le linn na céime iarchiontaithe d'imeachtaí coiriúla. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 9 Nollaig 2025, d'ardaigh an Bheilg an t-ábhar sin go sonrach.

Chuir na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas freisin faoi easpa soiléireachta do chleachtóirí maidir leis an idirghníomhú atá beartaithe idir an Rialachán agus ionstraimí eile an Aontais i réimse na haisghabhála sócmhainní coiriúla. Áirítear leis na hionstraimí sin ní hamháin an Treoir OIE agus an Treoir athbhreithnithe maidir le hAisghabháil Sócmhainní, ach freisin ionstraimí lena rialaítear rochtain ar fhaisnéis airgeadais[23] agus sásraí chun an sciúradh airgid a chomhrac[24].

Ar deireadh, tugadh faoi deara go bhforchuireann roinnt Ballstát coinníollacha nó ceanglais maidir le comhar nach bhfuil bonn leo sa Rialachán. Áirítear leis sin, mar shampla, an ceanglas go ndéanfaí iarraidh calctha a athnuachan agus go ndéanfadh na húdaráis inniúla sa Stát eisiúna an t-ordú foluiteach a atheisiúint nó a athdhearbhú go tráthrialta chun an beart calctha a choinneáil ar bun. Chuir Eurojust an tsaincheist seo i dtábhacht sin freisin[25], agus tugann sé dá aire freisin go ndéanann roinnt Ballstát orduithe calctha a atheisiúint go réamhghníomhach agus go n-iarrann siad síneadh a chur leis na bearta calctha sa Stát forghníomhaitheach go tráthrialta cé nach gceanglaítear é sin a dhéanamh ná nach bhforáiltear dó sa Rialachán.

3. POINTÍ SONRACHA MEASÚNAITHE I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 38

3.1. An deis dearbhuithe a dhéanamh agus a tharraingt siar faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 14(2)

Rialaítear tarchur na n-orduithe calctha le hAirteagal 4 den Rialachán. Foráiltear le mír 2 den Airteagal sin go bhféadfaidh na Ballstáit a dhearbhú, nuair a sheoltar deimhniú calctha chucu

[22] Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

[23] Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

[24] Féach, go háirithe, Treoir (AE) 2024/1640 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir leis na sásraí atá le cur ar bun ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (IO L, 2024/1640, 19.6.2024).

[25] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 14.

chun ordú calctha a aithint nó a fhorghníomhú, nach mór don údarás eisiúna an t-ordú calctha bunaidh nó cóip dheimhnithe a chur i gceangal leis freisin. Is amhlaidh atá i gcás orduithe coigistíochta faoi Airteagal 14(2) den Rialachán.

Tá dearbhú déanta ag 16 Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 4(2). Tá dearbhuithe déanta ag na Ballstáit chéanna freisin i gcomhréir le hAirteagal 14(2). Mar sin féin, ní luaitear sna dearbhuithe sin uile gur cheart don údarás eisiúna an t-ordú calctha bunaidh nó an t-ordú coigistíochta bunaidh a sheoladh i gcónaí in éineacht leis na deimhnithe. Go deimhin, luann 2 Bhallstát go follasach nach bhfuil gá leis sin, agus ceadaíonn Ballstát eile dá údaráis fhorghníomhaitheacha an t-ordú bunaidh a iarraidh ach ní cheanglaíonn sé orthu é sin a dhéanamh.

Níor tarraingíodh siar aon dearbhú faoi Airteagail 4(2) ná 14(2).

Tuairiscíonn Eurojust, fiú i gcásanna nach bhfuil dearbhú déanta ag na Ballstáit faoi Airteagal 4(2) nó Airteagal 14(2), go n-iarrann a n-údaráis inniúla na horduithe calctha nó coigistíochta náisiúnta foluiteacha fós uaireanta. D'fhéadfadh na hiarrataí sin a bheith mar thoradh ar easpa faisnéise sa deimhniú caighdeánach calctha nó coigistíochta[26].

3.2. Idirghníomhaíocht idir urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (Airteagal 8 agus 19)

Mar a tugadh faoi deara sa réamhrá a ghabhann leis an tuarascáil seo, tá an Rialachán bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit, rud a éascaíonn aitheantas frithpháirteach. Mar sin féin, ní thugtar le tuiscint le hiontaoibh fhrithpháirteach nach mór gach iarraidh ar chomhar breithiúnach a aithint agus a fhorghníomhú i gcónaí. Leagtar amach sa Rialachán forais roghnacha chun aithint agus/nó forghníomhú orduithe calctha agus coigistíochta a dhiúltú (Airteagail 8 agus 19), chun a áirithiú, i measc cuspóirí eile, go n-urramófar cearta bunúsacha na ndaoine a ndéanann iarrataí den sórt sin difear dóibh.

Tá gné na gceart bunúsach ag baint le roinnt de na forais le diúltú a leagtar amach in Airteagail 8 agus 19 den Rialachán, amhail iad siúd a bhaineann leis an bprionsabal *ne bis in idem* agus trialacha *in absentia* (Airteagail 8(1)(a) agus 19(1)(a) agus (g)), nó tá siad ábhartha maidir le cearta bunúsacha. Ina theannta sin, foráiltear go follasach le hAirteagail 8(1)(f) agus 19(1)(h) go bhféadfaidh an Stát forghníomhaitheach diúltú ordú coigisíochta a aithint nó a fhorghníomhú más amhlaidh an cás seo a leanas: 'i dtosca eisceachtúla, tá forais shuntasacha le creidiúint, ar bhonn fianaise oibiachtúil agus shonrach, go mbeadh sárú soiléir ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach sa Chairt, mar thoradh ar fhorghníomhú an ordaithe calctha nó an ordaithe coigistíochta, in imthosca sonracha an cháis, go háirithe an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, an ceart chun triail chóir a fháil nó an ceart cosanta'.

Ina cheistneoir, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an líon cásanna a dheimhniú inar cuireadh i bhfeidhm gach ceann de na forais shonracha le diúltú a leagtar amach sa Rialachán (Airteagail 8 agus 19). Tugtar le fios sna freagraí nár úsáideadh formhór na bhforas sin go dtí seo ach ar bhonn teoranta.

[26] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 9.

Maidir le horduithe calctha, sholáthair 13 Bhallstát faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na forais le diúltú a d'agair a n-údaráis inniúla go dtí seo. As na horduithe sin, níor chuir ach Ballstát amháin in iúl gur agair a údaráis inniúla an foras le diúltú bunaithe ar an bprionsabal *ne bis in idem* (Airteagal 8(1)(a)), agus luaigh Ballstát amháin gur dhiúltaigh sé d'ordú calctha ar an bhforas nach cion coiriúil faoina dhlí é an t-iompar ar eisíodh an t-ordú ina leith (Airteagal 8(1)(e)). Bhí an líon cásanna inar agraíodh na forais sin níos lú ná deich gcás. Níor agraíodh ar chor ar bith na forais um dhiúltú bunaithe ar phribhléidí nó ar dhíolúintí (Airteagal 8(1)(b)), maidir le cineál seach-chríochach an chiona (Airteagal 8(1)(d)) agus maidir le hábhair imní maidir le cearta bunúsacha lena mbaineann (Airteagal 8(1)(f)).

Mar sin féin, chuir Ballstát amháin nach raibh in ann sonraí coincréiteacha a sholáthair maidir le diúltú iarrataí calctha i dtábhacht gur tháinig a údaráis ar chásanna go minic ina raibh daoine dá ndéantar difear ag brath ar argóintí maidir le cearta bunúsacha agus diúltuithe den sórt sin á lorg acu.

Tuairiscíonn Eurojust[27] freisin gur tháinig sé ar chásanna inar dhiúltaigh údaráis fhorghníomhaitheacha, go bunúsach, orduithe calctha a aithint nó a fhorghníomhú ar bhonn cur isteach míchuí a mheastar a bheith ann ar chearta tríú páirtithe dá ndéantar difear. Áirítear leis sin cásanna inar athdhíoladh earraí a fuarthas go calaoiseach le duine eile go tapa. Leis an Rialachán, ceadaítear do na Ballstáit diúltú orduithe coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú i gcás ina mbeadh sé dodhéanta faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, de bharr chearta na ndaoine dá ndéantar difear, an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú. I gcás orduithe calctha, áfach, ní ann d'aon fhoras um dhiúltú den sórt sin. Cuireann Eurojust in iúl, i gcásanna áirithe ar a laghad, gur aimsigh na húdaráis fhorghníomhaitheacha bealaí chun aitheantas a dhiúltú ar an mbonn sin ina ainneoin sin, amhail trí fhoras um dhiúltú eile a agairt go foirmiúil ina ionad sin, mar shampla, go raibh an deimhniú calctha neamhiomlán (Airteagal 8(1)(c)) nó trí bheith ag brath ar argóintí níos leithne a bhaineann le cearta bunúsacha agus comhréireacht, gan an foras um dhiúltú atá á agairt acu a léiriú go soiléir.

Ba é an t-aon fhoras um dhiúltú a d'agair roinnt Ballstát neamhiomláine nó comhlánú mícheart an deimhnithe calctha (Airteagal 8(1)(c)). Is cosúil gurb é an foras sin freisin is cúis le formhór na ndiúltuithe uile. I mBallstát amháin, bhain 31 dhiúltú le deimhnithe neamhiomlána nó míchearta.

Airítear leis na saincheisteanna a tuairiscíodh faisnéis mhícheart nó as dáta maidir leis na sócmhainní atá le calcadh nó maidir lena suíomh, agus saincheisteanna le cáilíocht na n-aistriúchán ar na deimhnithe calctha. Deimhníonn Eurojust gur minic a bhíonn cáilíocht na n-aistriúchán ar na deimhnithe caighdeánacha go dona agus gur minic a bhí gá lena idirghabháil chun míthuiscintí a eascraíonn astu a shoiléiriú[28]. Sa chomhthéacs sin, chuir Ballstát amháin i dtábhacht go sonrach a thábhachtaí atá sé go rachadh údaráis iarrtha i gcomhairle leis na húdaráis iarrthacha sula ndiúltóidh siad iarraidh, mar a cheanglaítear leis an Rialachán, chun go mbeidh an t-údarás iarrthach in ann aon saincheist a shainaithnítear a réiteach.

Tá cás comhchosúil ann maidir le horduithe coigistíochta. Sholáthair 11 Bhallstát faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na forais um dhiúltú faoin Rialachán a chuir a n-údaráis

[27] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 16.
[28] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 9.

inniúla i bhfeidhm go dtí seo. Níor thug ach Ballstát amháin le fios gur agair a údaráis inniúla na forais um dhiúltú bunaithe ar an bprionsabal *ne bis in idem* (Airteagal 19(1)(a)); d'agair ceann amháin acu go raibh pribhléidí nó díolúintí ann (Airteagal 19(1)(b)); agus d'agair ceann acu go raibh sé dodhéanta faoi dhlí an Bhallstáit sin an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú de bharr chearta na ndaoine dá ndéantar difear (Airteagal 19(1)(e)). Faoi mar a tharla i gcás diúltuithe na n-iarrataí calctha, bhí an líon cásanna inar agraíodh na forais sin níos lú ná deich gcás. Níor agraíodh ar chor ar bith an foras um dhiúltú a bhí bunaithe ar chineál seach-chríochach an chiona (Airteagal 19(1)(d)). Dhiúltaigh trí Bhallstát aitheantas a thabhairt d'orduithe coigistíochta a baineadh le hiompar nach cion coiriúil é faoina ndlí (Airteagal 19(1)(f)). Dhiúltaigh dhá Bhallstát aitheantas a thabhairt ar fhorais a bhaineann leis an duine dá ndéantar difear a bheith á thriail *in absentia* (Airteagal 19(1)(g)).

Ba é an foras um dhiúltú ba mhinice a úsáideadh deimhnithe coigistíochta neamhiomlána nó míchearta a thíolacadh (Airteagal 19(1)(c)). Thuairiscigh seacht mBallstát gur agair siad an foras um dhiúltú sin. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil an líon cásanna dá ndéantar difear níos ísle ná i gcás iarrataí calctha. Níor agraíodh ábhair imní maidir le cearta bunúsacha mar sin (Airteagal 19(1)(h)) ach in dhá Bhallstát mar fhoras um dhiúltú, agus tuairiscíodh níos lú ná cúig chás.

Tá an léiriú ar na forais um dhiúltú bunaithe ar ábhair imní maidir le cearta bunúsacha, mar a leagtar amach in Airteagal 19(1)(h) é, ina ábhar do réamhthagairt chuig an gCúirt Bhreithiúnais le déanaí i gCás C-8/24. Baineann an cás sin le comhar breithiúnach faoin Rialachán idir an Chróit agus an tSlóivéin. Iarradh ar an gCúirt a shoiléiriú an gcuirtear cosc leis an Rialachán ar ordú coigistíochta a aithint i gcás nach raibh cearta nós imeachta áirithe ag an duine a ndearna an coigistiú difear dó. Thug an tAbhcóide Ginearálta Richard de la Tour tuairim an 12 Meitheamh 2025[29]. Chinn an tAbhcóide Ginearálta nach mór Airteagal 19(1)(h) de Rialachán 2018/1805 a léiriú sa chaoi nach féidir aithint agus forghníomhú ordaithe coigistíochta a dhiúltú, má seirbheáladh an t-ordú atá i gceist go cuí ar an duine dá ndéantar difear, ach nár éiligh sé réiteach atá ar fáil a bhféadfadh athbhreithniú ar chomhlíontacht chaighdeán maidir le triail chóir a bheith mar thoradh air. Tá breithiúnas críochnaitheach ón gCúirt fós ar feitheamh, áfach.

3.3. Maoin reoite agus choigistithe a bhainistiú agus a dhiúscairt, lena n-áirítear aiseag agus cúiteamh (Airteagail 28, 29 agus 30)

Rialaítear le hAirteagail 28, 29 agus 30 den Rialachán bainistiú agus diúscairt sócmhainní reo agus coigistithe agus cosaint chearta na n-íospartach.

Le hAirteagal 28 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbainisteofar maoin reoite agus choigistithe ar bhealach lena gcoiscfear dímheas. Príomhuirlis amháin d'údaráis inniúla chun an cuspóir sin a bhaint amach is ea an fhéidearthacht maoin reoite a dhíol sula gcoigistítear í. Déantar foráil freisin maidir leis an gcineál sin díolacháin réamhchoigistithe, dá ngairtear 'díolachán idirbhreitheach' de ghnáth, in Airteagal 20 de Threoir an Aontais maidir le

[29] Tuairim ó AG de la Tour an 12 Meitheamh 2025, Cás C-8/24, EU:C:2025:430.

hAisghabháil Sócmhainní[30]. Faoin Treoir sin, ní mór an díolachán a bheith faoi réir coimircí diana chun urraim do chearta na ndaoine dá ndéantar difear a áirithiú.

Níor tuairiscíodh aon saincheist maidir le cur chun feidhme Airteagal 29. Chuir 4 Bhallstát in iúl gur chuir siad rialacha éagsúla i bhfeidhm maidir le maoin a bhainistiú in imeachtaí aisghabhála sócmhainní intíre seachas na rialacha a chuirtear i bhfeidhm i nósanna imeachta comhair i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán. Mar sin féin, níor tuairiscíodh go raibh na difríochtaí sin ina gcúis le haon saincheist sa chleachtas.

Rialaítear le hAirteagal 29 maoin reoite a aiseag d'íospartaigh na coireachta. I gcás inar chinn na húdaráis bhreithiúnacha inniúla sa Stát iarrthach gur cheart sócmhainní sonracha a thabhairt ar ais d'íospartach, ní mór don údarás eisiúna an t-údarás iarrtha a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin. Ní mór don údarás iarrtha an mhaoin a thabhairt ar ais ansin i gcomhréir lena nósanna imeachta náisiúnta féin. Is féidir maoin den sórt sin a aistriú go díreach chuig an íospartach. Mar sin féin, tá sé fíor-riachtanach nach gcuirfear in aghaidh theideal na n-íospartach chun na maoine, nach mbeidh an mhaoin ag teastáil mar fhianaise agus nach sárófar cearta na ndaoine a ndéanann an t-aiseag difear dóibh sa phróiseas.

Sholáthair 16 Bhallstát faisnéis maidir lena dtaithí ar chur i bhfeidhm Airteagal 29. Chuir gach ceann acu sin seachas ceann amháin in iúl gur thug siad maoin reoite ar ais d'íospartaigh. Bhí dúshláin ar leith roimh 5 Bhallstát ina leith sin. Luaigh Ballstát amháin, mar shampla, gur tháinig sé ar chásanna inar éiligh an Ballstát forghníomhaitheach nach mór do chúirt sa Stát eisiúna an cinneadh maidir le maoin reoite a thabhairt ar ais don íospartach a eisiúint. Níl bonn leis an gceanglas sin sa Rialachán, áfach, agus leis an Rialachán ní chuirtear teorainn leis na cineálacha údaráis ar féidir leo cinneadh den sórt sin a eisiúint chun go n-aithneofar é i gcomhréir le hAirteagal 29. Thuairiscigh na Ballstáit agus Eurojust[31] freisin go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 29 dúshlánach i gcás ina bhfuil éileamh ag níos mó ná íospartach amháin ar thabhairt ar ais maoine agus nach leor an mhaoin reoite chun éilimh uile na n-íospartach a shásamh, nó i gcás ina bhfuil íospartaigh a bhfuil éilimh dhlisteanacha acu i ndlínsí iomadúla. Ní leagtar amach sa Rialachán an nós imeachta atá le leanúint i gcásanna den sórt sin.

Cuirtear i dtábhacht freisin i dtuarascáil Eurojust ar a chásobair go bhfuil aiseag maoine reoite fós casta ó thaobh oibríochta de. Chomh maith leis na dúshláin a thagann chun cinn i gcásanna a bhaineann le héilimh iomadúla agus/nó éilimh iomaíocha ó íospartaigh a dheimhniú, tuairiscíonn Eurojust ar roinnt cásanna inar dhiúltaigh an Ballstát forghníomhaitheach go hiomlán nó go páirteach Airteagal 29 den Rialachán a chomhlíonadh, agus forálacha contrártha den dlí náisiúnta á lua aige nach gceadaítear maoin reoite, nó cineálacha áirithe maoine den sórt sin ar a laghad, a thabhairt ar ais sula n-eisítear ordú coigistíochta críochnaitheach[32].

Is minic a aistríonn formhór na mBallstát a d'fhreagair maoin atá curtha in áirithe lena tabhairt ar ais nó lena cúiteamh go díreach chuig na híospartaigh, gan an Stát eisiúna a bheith

[30] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní (IO L, 2024/1260, 2.5.2024).
[31] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 19.
[32] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 19.

ag gníomhú mar idirghabhálaí, cé go n-athraíonn an modh aistrithe de ghnáth ag brath ar imthosca an cháis. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 30 den Rialachán.

Tuairiscíodh dea-chleachtas maidir le gníomhaíocht faoin Rialachán a chomhordú le gníomhaíocht faoi Threoir 2014/60 maidir le nithe cultúrtha a fháil ar ais[33]. Mar sin féin, luaitear i dtuarascáil chásoibre Eurojust gur féidir éagsúlacht mhór a bheith ann maidir leis an am a thógann sé ar na húdaráis fhorghníomhaitheacha maoin a aistriú go hiarbhír chuig íospartaigh, go háirithe maoin reoite atá le tabhairt ar ais faoi Airteagal 29 den Rialachán. Cé gur thóg sé níos lú ná 2 mhí maoin a aiseag i gcásanna áirithe, b'éigean d'íospartaigh fanacht níos mó ná bliain i gcásanna eile. Níl sé sin comhsheasmhach leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 29 maidir le haisig a dhéanamh a luaithe is féidir.

Le hAirteagal 30 rialaítear diúscairt sócmhainní coigistithe. Is í an phríomhriail maidir le diúscairt den sórt sin go dtabharfar tús áite do chinntí a fhorfheidhmiú maidir le maoin a aiseag le híospartaigh na coireachta nó maidir lena gcúiteamh. Amhail Airteagal 29, ní mór don Stát eisiúna an Stát forghníomhaitheach a chur ar an eolas faoi chinntí den sórt sin. Ní mór don Stát forghníomhaitheach ansin na cinntí sin a fhorghníomhú a luaithe is féidir agus an mhaoin a aistriú chuig an íospartach go díreach nó tríd an mBallstát eisiúna. Mura féidir an mhaoin bhunaidh a tógadh ó íospartach a thabhairt ar ais ach go bhfuarthas airgead mar thoradh ar fhorghníomhú ordaithe coigistíochta a bhaineann leis an maoin sin, ní mór an tsuim chomhfhreagrach a aistriú chuig an íospartach.

Níor thuairiscigh ach Ballstát amháin deacrachtaí maidir le maoin choigistithe a thabhairt ar ais d'íospartaigh na coireachta, agus is cosúil go raibh saincheist oibríochtúil i gceist seachas saincheist dhlíthiúil. Tá an cás céanna ann maidir le sócmhainní coigistithe a úsáid chun íospartaigh na coireachta a chúiteamh: níor thuairiscigh ach Ballstát amháin go raibh saincheisteanna aige, go hannamh, leis na rialacha faoi Airteagal 30 maidir le cinntí a fhorghníomhú chun íospartaigh a chúiteamh. Tuairiscíonn Eurojust[34], áfach, gur tháinig sé ar chásanna ina raibh sé dúshlánach na rialacha maidir le maoin choigistithe a dhiúscairt le haghaidh aisig nó cúitimh a chomhlíonadh. Sa chás a chuir Eurojust i láthair, d'eascair an deacracht as gnéithe sonracha de dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna. Ghlac na húdaráis inniúla sa Stát eisiúna cinntí maidir le cúiteamh d'íospartaigh, ach níor eisíodh aon ordú coigistíochta le haghaidh na maoine a bhí reoite sa Stát forghníomhaitheach a d'fhéadfadh bonn a sholáthar chun na héilimh ar chúiteamh a chomhlíonadh.

Ós rud é nach mbailíonn formhór mór na mBallstát faisnéis maidir leis an líon cásanna inar éascaíodh aiseag nó cúiteamh d'íospartaigh, níl forbhreathnú ag an gCoimisiún ar a mhinice a chuirtear forálacha ábhartha an Rialacháin (i.e. Airteagal 29 agus Airteagal 30(1)-(5)) i bhfeidhm.

I gcás nach bhfuil aon éileamh íospartach le comhlíonadh nó i gcás inar mó luach na maoine a coigistíodh ná na héilimh sin, ní mór an chuid eile a roinnt idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach. A mhéid a bhaineann le hairgead, tá na rialacha an-simplí. Tá aon suim os cionn EUR 10 000 le roinnt go cothrom idir na Stáit sin, mura gcomhaontófar a mhalairt.

[33] Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le nithe cultúrtha a aistríodh go mídhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1).
[34] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 21.

Féadfaidh an Stát forghníomhaitheach aon suim atá cothrom le EUR 10 000 nó níos lú ná sin a choinneáil agus ní gá í a roinnt. Maidir le maoin seachas airgead, is féidir le socruithe comhroinnte a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear an rogha an mhaoin a dhíol agus na fáltais a chomhroinnt go cothrom, mar a leagtar amach thuas. Is féidir leis an Stát eisiúna agus leis an Stát forghníomhaitheach teacht ar chomhaontú freisin gur cheart go bhfanfadh an mhaoin sa Stát forghníomhaitheach, lena húsáid ar mhaithe le leas an phobail nó chun críoch sóisialta. Ní mór an rogha atá le cur i bhfeidhm a chomhaontú idir na Ballstáit lena mbaineann i ngach cás.

Dheimhnigh gach Ballstát seachas Ballstát amháin a d'fhreagair gur chuir siad na rialacha réamhshocraithe maidir le hairgead a chomhroinnt i bhfeidhm. Thug an Ballstát amháin a thuairiscigh cleachtas difriúil le fios gur comhaontaíodh, i gcásanna annamha, socruithe neamhfhoirmiúla eile, mar a cheadaítear leis an Rialachán.

4. MOLTAÍ NA bPÁIRTITHE LEASMHARA

4.1. Ballstáit

I bhfianaise na ndúshlán a leagtar amach thuas maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, d'fhiafraigh an Coimisiún de na Ballstáit an measann siad gur gá an Rialachán a leasú chun a úsáideacht a fheabhsú nó chun a chur i bhfeidhm éifeachtach a áirithiú. Dheimhnigh 8 mBallstát go measann siad gá den sórt sin. Áirítear ar na leasuithe atá beartaithe, i measc nithe eile, an méid seo a leanas a leagan síos:

1) teorainneacha ama sonracha maidir le horduithe calctha a aithint agus a fhorghníomhú;
2) teorainn ama shonrach maidir le fógra a thabhairt don údarás eisiúna faoi aon imthosca lena gcuirtear cosc ar ordú calctha a aithint nó a fhorghníomhú láithreach;
3) teorainn ama shonrach maidir le tuairisciú a dhéanamh ar fhorghníomhú orduithe calctha agus coigistíochta;
4) uastréimhse ina bhféadfaidh an Stát forghníomhaitheach bearta calctha a choinneáil ar bun chun ualach díréireach ar an Stát sin agus cur isteach rófhada gan ghá ar chearta na ndaoine dá ndéantar difear a sheachaint;
5) foras um orduithe calctha nó coigistíochta a dhiúltú a bhaineann le sócmhainní ar luach íseal i gcás ina mbeidh na hacmhainní is gá chun an t-ordú a fhorghníomhú díréireach le luach na sócmhainní;
6) foras follascach um orduithe calctha a dhiúltú ar bhonn cur isteach míchuí ar chearta tríú páirtithe *bona fide*;
7) riail lena gceanglaítear glacadh le deimhnithe calctha i mBéarla, ar a laghad i gcásanna práinneacha, agus go gcuirfear aistriúchán ar fáil a luaithe is féidir;
8) bunús dlí chun a iarraidh go ndéanfaí sócmhainní a chalcadh chun críche íospartaigh a aiseag nó a chúiteamh agus chun na críche sin amháin;
9) nós imeachta lena gceadaítear do na Ballstáit iarrataí ar fhianaise a urghabháil faoi ordú imscrúdaithe Eorpach a nascadh le hiarrataí ar shócmhainní coiriúla a reo faoin Rialachán;

10) rogha lena gcuirtear ar a chumas don údarás eisiúna, agus iarraidh chalctha á seoladh aige, a iarraidh go follasach ar an údarás forghníomhaitheach tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh ar mhaoin agus ar ghnóthaí airgeadais duine atá faoi dhrochamhras nó duine cúisithe sa Stát forghníomhaitheach chun a chinneadh an bhfuil maoin bhreise a d'fhéadfaí a choigistiú nó ar cheart í a choigistiú lonnaithe i gcríoch an Stáit fhorghníomhaithigh;
11) roinn sa deimhniú calctha lena n-iarrtar ar an údarás eisiúna an cineál coigistithe a shonrú (e.g. coigistiú ábhair seachas coigistiú bunaithe ar luach) lena mbaineann an iarraidh chalctha. Moladh go bhfágfadh sé sin go mbeadh sé níos éasca d'údaráis inniúla orduithe calctha a fhorghníomhú go tapa ar an mbealach a bhí beartaithe ag an údarás eisiúna;
12) foirm chaighdeánach chun tuairisciú a dhéanamh ar fhorghníomhú ordaithe calctha.

Chuir Ballstát amháin in iúl freisin go gcuirtear bac go ginearálta ar chur i bhfeidhm an Rialacháin mar gheall ar easpa comhchuibhithe ar nósanna imeachta náisiúnta atá beartaithe chun a chur i bhfeidhm a éascú. Mar a luaitear ar fud na tuarascála seo, thuairiscigh na Ballstáit agus Eurojust araon cásanna arís agus arís eile ina bhféadfadh sé gur chuir méid an neamhspleáchais nós imeachta a fágadh faoi na Ballstáit faoin Rialachán nó mainneachtain an dlí náisiúnta a leasú chun coinbhleachtaí leis an Rialachán a chosc isteach ar a chur i bhfeidhm éifeachtach.

Fiafraíodh de na Ballstáit freisin an measann siad go bhfuil breisluach i bhforbairt birt reachtaíochta boige lena soláthraítear treoraíocht maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Rialachán le hionstraimí dlí eile de chuid an Aontais lena n-éascaítear comhar chun sócmhainní coiriúla a aisghabháil, amhail Treoir 2014/41 (an Treoir maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach) agus Treoir 2024/1260 (an Treoir athbhreithnithe maidir le hAisghabháil Sócmhainní). Chuir 15 as na 19 mBallstát a d'fhreagair in iúl go measann siad go bhfuil breisluach den sórt sin ann, go háirithe maidir le soiléireacht a áirithiú i ndáil leis an idirghníomhú idir an Rialachán agus an Treoir athbhreithnithe maidir le hAisghabháil Sócmhainní. Luaigh Ballstát amháin ar bhonn níos ginearálta go mbeadh tairbhe ag baint le haon bheart lena gcuirtear cur chuige aonfhoirmeach chun cinn i measc na mBallstát maidir le Rialachán (AE) 2018/1805 a chur i bhfeidhm, cé gur luadh freisin gur cheart go n-íoslaghdódh aon tionscnamh den sórt sin aon ualach a d'fhéadfadh a bheith ar údaráis náisiúnta, mar a cuireadh i dtábhacht freisin sa Tuarascáil ón bhFóram Ardleibhéil maidir le Todhchaí Cheartas Coiriúil an Aontais[35].

Mhol Ballstát amháin freisin soiléiriú a dhéanamh ar an idirghníomhú idir an Rialachán agus ionstraimí an Aontais i réimse an chomhair in ábhair shibhialta (e.g. Rialachán (AE) 655/2014[36] agus Rialachán (AE) 1215/2012)[37], rud a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, go háirithe, i gcás ina scoirfear d'imeachtaí coiriúla agus nach mór deireadh a chur le bearta

[35] Le fáil ag: https://commission.europa.eu/document/download/606f0f38-12f9-4893-8941-3ac835229bcd_en?filename=JUST_template_comingsoon_standard_16.pdf.
[36] Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú (IO L 189, 27.6.2014, lch. 59).
[37] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú) (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

calctha faoin Rialachán ach ina bhfuil éilimh shibhialta fós ag íospartaigh a éilíonn urghabháil shibhialta sócmhainní ina dhiaidh sin.

Tacaíonn formhór mór na mBallstát a d'fhreagair freisin leis an smaoineamh sainghrúpa tiomnaithe ildisciplíneach maidir le haisghabháil sócmhainní coiriúla a chruthú (le hionadaithe ó údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha ar a laghad) agus/nó cistiú tiomnaithe breise ón Aontas a chur ar fáil do chleachtóirí oiliúna a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin.

4.2. Eurojust

Ina thuarascáil chásoibre, sainaithníonn Eurojust roinnt bunchúiseanna leis na dúshláin i gcur i bhfeidhm an Rialacháin. Tugann sé dá aire, sa chleachtas, go bhfuil forlámhas fós ag noirm agus traidisiúin náisiúnta ar an Rialachán uaireanta. Cáineann Eurojust freisin an leibhéal íseal comhchuibhithe idir creataí dlíthiúla na mBallstát, go háirithe maidir le forálacha dlíthiúla agus sásraí a thacaíonn le cur i bhfeidhm an Rialacháin i gcás ina bhfágann sé ábhair faoi neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát. Áirítear leis sin cineálacha éagsúla cur chuige maidir le húdaráis inniúla a ainmniú. Thairis sin, sainaithníonn Eurojust dúshláin maidir le léirmhíniú ceart ar an Rialachán a chinneadh, go háirithe maidir le coincheapa uathrialacha amhail 'imeachtaí in ábhair choiriúla' agus cuireann sé in iúl gur cúis imní dó inúsáidteacht na deimhnithe caighdeánacha.

Dá bhrí sin, éilíonn Eurojust treoraíocht shoiléir maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán (amhail forálacha Airteagail 29 agus Airteagail 30 maidir le haiseag agus íospartaigh a chúiteamh), go háirithe i gcásanna casta[38]. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil chásoibre freisin an gá atá leis an gcomhar a neartú idir údaráis bhreithiúnacha agus údaráis eile a bhfuil baint acu leis an slabhra aisghabhála sócmhainní (amhail Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais).

5. CONCLÚID

Is é is aidhm don Rialachán aisghabháil éifeachtúil agus éifeachtach sócmhainní coiriúla thar theorainneacha a éascú, go háirithe chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe trasteorann. Déanann sé amhlaidh trí rialacha mionsonraithe a leagan amach maidir leis an gcaoi a ndéanfar iarrataí maidir le haitheantas a thabhairt d'orduithe calctha agus coigistíochta agus maidir leis an gcaoi a láimhseálfaidh an Ballstát iarrtha iad. Cruthaítear leis sin ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla do chleachtóirí a chuireann an ionstraim sin i bhfeidhm agus cuireann sé cosc ar mhoilleanna a tharlaíonn mar gheall ar easpa rialacha soiléire maidir le príomhghnéithe nós imeachta. In éineacht le húsáid shainordaitheach deimhnithe caighdeánacha agus gnáthaimh chumarsáide éifeachtacha a choinneáil ar bun, déantar comhar breithiúnach idir na Ballstáit maidir le haisghabháil sócmhainní coiriúla a chuíchóiriú a mhéid is féidir. Dá réir sin, is príomhionstraim é an Rialachán a úsáidtear go forleathan le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla. Comhlíontar leis feidhm uathúil agus ríthábhachtach laistigh de *acquis* níos leithne an Aontais trí dhul i ngleic le sciúradh airgid, coireacht eagraithe agus maoiniú na sceimhlitheoireachta agus tá feabhas nach beag curtha

[38] Féach tuarascáil chásoibre Eurojust, lch. 22.

aige ar aisghabháil sócmhainní trasteorann. Mar sin féin, d'fhéadfaí feabhas a chur fós ar chion na bhfáltas ó choireacht sainaitheanta a choigistítear ar deireadh nó a chuirtear ar ais chuig íospartaigh na coireachta nó a athúsáidtear dá dtairbhe a mhéadú.

Tá roinnt dúshlán fós ann maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin. Deimhníonn Eurojust é sin freisin ina thuarascáil chásoibre, ina gcuirtear i dtábhacht nach bhfuil an Rialachán á chur i bhfeidhm i gceart fós i gcásanna áirithe agus go gceistítear é i bhfianaise an dlí náisiúnta fiú.

Is féidir go leor de na saincheisteanna a chuirtear i dtábhacht sa tuarascáil seo agus i dtuarascáil chásoibre Eurojust a chur i leith earráid dhaonna nó easpa eolais ar chórais dlí na mBallstát eile lena mbaineann. Áirítear leis sin, mar shampla, cásanna inar cuireadh bac nó moill ar chomhar trasteorann toisc gur seoladh iarrataí maidir le haitheantas a thabhairt d'orduithe calctha nó coigistíochta chuig na húdaráis mhíchearta sa Stát forghníomhaitheach nó toisc gur líonadh isteach deimhnithe go mícheart. Le digitiú leanúnach na ndeimhnithe, meastar go dtabharfar aghaidh ar chuid de na saincheisteanna sin. Mar gheall ar leideanna agus teachtaireachtaí réamhshainithe a bheidh ann, ba cheart go mbeadh sé níos so-úsáidtí agus ba cheart comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú idir foirm agus ábhar na n-iarrataí. D'fhéadfadh treoraíocht reachtaíochta boige maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, dea-chleachtais agus oiliúint mhéadaithe do chleachtóirí ábhartha cuidiú leis na bacainní sin a laghdú freisin. Tacaíonn formhór na mBallstát le cistí an Aontais a leithdháileadh go sonrach le haghaidh na hoiliúna sin.

Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna de chineál níos dlíthiúla nó níos sistéamaí agus d'fhéadfadh sé gur ghá aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal reachtach nó polaitiúil sna Ballstáit. Áirítear leo sin, mar shampla, coinníollacha a fhorchur go haontaobhach maidir le comhar faoin dlí náisiúnta nach bhforáiltear dóibh sa Rialachán. Áirítear leo freisin neamhchomhlíonadh athfhillteach na dteorainneacha ama agus moilleanna móra idir eisiúint na n-iarrataí calctha agus iarraidh choigistíochta mar iarraidh leantach. Chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha saincheisteanna sin, is gá, i measc nithe eile, athruithe a dhéanamh ar an dlí náisiúnta agus ar an gcleachtas náisiúnta agus athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní a leithdháiltear ar na húdaráis atá freagrach as iarrataí maidir le haitheantas a thabhairt d'orduithe calctha nó coigistíochta faoin Rialachán a eisiúint agus a fhorghníomhú. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán ina iomláine.

Ar deireadh, léirítear sa tuarascáil seo gur gá scrúdú a dhéanamh ar theorainneacha an Rialacháin agus ar an gcomhthéacs níos leithne ina n-oibríonn sé. Mhol na Ballstáit leasuithe ar an Rialachán a chreideann siad a chuirfeadh lena éifeachtacht. Chuir siad i dtábhacht freisin nach gcumhdaítear gach céim ná gach gné den nós imeachta um aisghabháil sócmhainní leis an Rialachán ná le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le comhar breithiúnach chun sócmhainní a rianú tar éis ciontú agus sócmhainní a chalcadh chun críche cúitimh d'íospartaigh gan ordú coigistíochta a shaothrú. Déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar thionscnamh na Beilge[39] i ndáil leis sin. Ina theannta sin, ní bhíonn sé éasca i gcónaí do chleachtóirí an t-idirghníomhú atá beartaithe idir

[39] Féach Roinn 2.6.

na hionstraimí éagsúla i réimse na haisghabhála sócmhainní coiriúla a thuiscint. Dá bhrí sin, chuir tromlach soiléir na mBallstát in iúl go dtacaíonn siad le treoraíocht reachtaíochta boige maidir leis an ábhar sin.

Chuir go leor Ballstát in iúl freisin go dtacaíonn siad le sainghrúpa ildisciplíneach um aisghabháil sócmhainní coiriúla a bhunú lena bhféadfaí tuiscint níos iomlánaíche ar chreat an Aontais maidir le haisghabháil sócmhainní coiriúla a éascú. Sa chomhthéacs sin, tá ábharthacht ar leith ag baint leis an nGrúpa Fócais Breithiúnach um Sciúradh Airgid agus Aisghabháil Sócmhainní a sheol Eurojust[40] le déanaí.

Déanfaidh an Coimisiún machnamh ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa tuarascáil seo maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin agus ar na tograí agus na moltaí a rinne na Ballstáit agus Eurojust chun an bealach is fearr chun cinn a chinneadh. Go háirithe, féachfaidh an Coimisiún le treoraíocht a sholáthair maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin laistigh de chreat níos leithne an Aontais um aisghabháil sócmhainní coiriúla.

[40] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach https://www.eurojust.europa.eu/news/eurojust-meeting-tackles-emerging-trends-money-laundering-and-asset-recovery.